

# Siopa an Bhúistéara

Tá **siopa búistéara** suite i lár an bhaile. Téann Mamaí ann go minic chun feoil a cheannach don dinnéar. Siopa néata glan is ea siopa an bhúistéara. Bíonn an fheoil ar crochadh ar **chrúcaí** aige.
Coimeádann sé rudaí mar **ispíní, putóga,** agus **slisíní bagúin** i **gcásanna gloine.** Caitheann an búistéir cóta bán agus naprún i gcónaí. Ceannaíonn sé ainmhithe ag an **margadh** agus maraíonn sé iad. Faigheann sé **caoireoil** ón gcaora, **mairteoil** ón mbó, **muiceoil** ón mhuc.
Ceannaíonn Mamaí ceathrú **caoireola** don deireadh seachtaine. Gearrann an búistéir le scian mhór í. Briseann sé na cnámha le tua. Ansin cuireann sé an fheoil ar an **scála** agus meánn sé í. Braitheann an costas ar an meáchan. Filleann sé páipéar donn ar an bhfeoil ansin agus tugann sé do Mhamaí í.
Dé Luain ceannaíonn Mamaí **gríscíní** agus taitníonn siad go mór liom.
Dé Máirt faigheann sí feoil chun **stobhach** a dhéanamh. Anois is arís ceannaíonn sí muiceoil agus **stéig** ón mbúistéir. Nuair a théann Máire in éineacht lena Mamaí go dtí siopa an bhúistéara faigheann sí **cnámha** d'Oscar.

## Leaganacha Cainte:

1. Bhain sé lán na súl asam,. i., D'fhéach sé go géar orm.
2. Bhain mé ceann scríbe amach., i., shroich mé deireadh an chúrsa.
3. Bhí mo shaothar ag dul le sruth,. i., ní raibh aon toradh ar mo chuid oibre.

## A. Foclóir

**putóga,** puddings

| | | |
|---|---|---|
| **ispíní,** sausages | **caoireoil,** mutton | **gríscíní,** chops |
| **slisíní bagúin,** rashers | **mairteoil,** beef | **stobhach,** stew |

## B. Scríobh amach an freagra ceart:

1. Cén fáth a dtéann Mamaí go dtí siopa an bhúistéara?
   — chun bréagáin a cheannach do na páistí.
   — chun tobac a cheannach do Dhaidí.
   — chun feoil a cheannach don dinnéar.
2. Cá mbíonn an fheoil sa siopa?
   — ar crochadh ar chrúcaí.
   — ar an bhfuinneog.
3. Cén saghas feola a cheannaíonn Mamaí Dé Luain?
   — mairteoil.
   — caoireoil.
   — gríscíní.

## C. Críochnaigh na habairtí seo a leanas:

1. Caitheann an búistéir cóta bán agus - -.
2. Ceannaíonn Mamaí ceathrú caoireola don - -.
3. Braitheann an costas ar an -.
4. Faigheann Máire cnámha d' - -.

## D. Cuir na focail seo a leanas in abairtí:

slisíní bágúin, margadh, tua, meánn sé, stobhach, cnámha, costas, maraíonn sé.

## E. Freagair na ceisteanna seo a leanas:

1. Cá bhfuil siopa an bhúistéara?
2. Cén saghas siopa atá ann?
3. Cad a choimeádann an búistéir i gcásanna gloine?
4. Cá gceannaíonn sé na hainmhithe?
5. Cá bhfaigheann sé caoireoil agus mairteoil?
6. Cad leis a ngearrann an búistéir an fheoil?
7. Cén saghas feola a thaitníonn leat?

## Gramadach 17

1. "Taitníonn gríscíní go mór **leis an gclann.**"
   (mise, tusa, ise, eisean, sinne, sibhse, iadsan, Máire, Seán, an fear.)
2. "Dé Luain ceannaíonn Mamaí gríscíní"
   Críochnaigh na habairtí seo a leanas:
   Dé Máirt ---------
   Dé Céadaoin ---------
   Déardaoin -----
   Dé hAoine -----
   Dé Sathairn ----
   Dé Domhnaigh --------